Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7015/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0390(APP)**

**COMPET 279**
**RECH 108**
**FIN 366**
**ENER 103**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16710/25 + ADD 1 + ADD 2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa |

1. An 10 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leagtar síos na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. I gcomhréir le Prótacal Uimh. 37, is clár taighde de chuid an Aontais é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach (CTGC), a chistítear lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil le hioncam shócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú a leithdháiltear ar an gciste sin. Maoiníonn CTGC go heisiach tionscadail taighde sna hearnálacha guail agus cruach.

3. Is cuid é an Cinneadh atá beartaithe de phacáiste tograí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreat dlíthiúil CTGC chun foráil a dhéanamh maidir le cistiú taighde agus nuálaíochta chun tacú le dícharbónú, aistriú glan agus iomaíochas na n-earnálacha guail agus cruach. Is é is aidhm don togra seo na bearta is gá a bhunú chun úsáid a bhaint as na sócmhainní neamh-leithdháilte atá fágtha ag CEGC faoi leachtú, chomh maith le haon chistí neamhcheangailteacha atá fágtha ó ghlaonna roimhe seo ó Chlár Taighde CTGC.

4. Tar éis na hoibre a rinneadh sa Mheitheal um Thaighde ó mhí na Nollag 2025 i leith, as ar eascair roinnt athruithe ar an togra tosaigh, go príomha i ndáil le méid an leithdháilte bhliantúil chun taighde sna hearnálacha guail agus cruach a mhaoiniú chomh maith le fad an chláir, ghlac an Chomhairle (Iomaíochas) Cur Chuige Ginearálta maidir leis an téacs ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Feabhra 2026.

5. I gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, tá an Chomhairle le toiliú a iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle sula nglacfar é.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a mholadh don Chomhairle:

   – teacht ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6884/26 é, agus

   – cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 6884/26 é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil.